II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2023/1190 ÓN gCOMHAIRLE

An 16 Meitheamh 2023

lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2278 lena gcuirtear ar fionraí na dleachtanna Comhtharaife Custaim dá dtagraítear in Airteagal 56(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 i gcás táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 31 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun soláthar leordhóthanach gan bhriseadh a áirithiú i gcás táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe nach dtáirgtear san Aontas agus, dá bhrí sin, chun aon suaitheadh sa mhargadh le haghaidh na dtáirgí sin a sheachaint, cuireadh ar fionraí, i gcás na dtáirgí sin, le Rialachán (AE) 2021/2278 ón gComhairle ([1]), na dleachtanna Comhtharaife Custaim den chineál dá dtagraítear in Airteagal 56(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) ('dleachtanna CTC'). Mar thoradh air sin, is féidir na táirgí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2278 a allmhairiú isteach san Aontas ag rátaí laghdaithe dleachta nó ag rátaí nialasacha dleachta gan aon teorannú a mhéid a bhaineann le cainníocht na dtáirgí sin.

(2) Maidir le táirgeadh táirgí áirithe san Aontas nach liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2278, níl an táirgeadh sin leordhóthanach chun riachtanais shonracha na dtionscal úsáideoirí san Aontas a chomhlíonadh. Ós rud é gur chun leas an Aontais é soláthar leordhóthanach de tháirgí áirithe a áirithiú agus ag féachaint don fhíoras nach ndéantar cainníochtaí leordhóthanacha de tháirgí comhionanna, coibhéiseacha ná ionadacha a tháirgeadh laistigh den Aontas, is gá fionraí iomlán ar dhleachtanna CTC a dheonú maidir leis na táirgí sin.

(3) D'fhonn táirgeadh comhtháite ceallraí san Aontas a chur chun cinn, ba cheart fionraí pháirteach ar dhleachtanna CTC a dheonú i leith táirgí áirithe a bhaineann le táirgeadh ceallraí nach liostaítear faoi láthair san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2278, agus nach leor táirgeacht an Aontais faoi seach sna táirgí chun ceanglais shonracha na dtionscal úsáideoirí san Aontas a chomhlíonadh. Is é an 31 Nollaig 2023 an dáta ba cheart a bheith ann le haghaidh an athbhreithnithe shainordaithigh sin ar na fionraíochtaí, chun éabhlóid ghearrthéarmach na hearnála ceallraí san Aontas a chur san áireamh san athbhreithniú sin.

(4) Chun forbairtí teicniúla na dtáirgí agus treochtaí eacnamaíocha sa mhargadh a chur san áireamh, is gá an tuairisc ar an táirge agus aicmiú na dtáirgí a leasú i gcás fionraíochtaí dleachta áirithe CTC a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2278.

(5) Ní chun leas an Aontais a thuilleadh é fionraí ar dhleachtanna CTC a choinneáil ar bun i gcás táirgí áirithe a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2278. Dá bhrí sin, ba cheart na fionraithe i leith na dtáirgí sin a scriosadh le héifeacht ón 1 Iúil 2023.

([1]) Rialachán (AE) 2021/2278 ón gComhairle an 20 Nollaig 2021 lena gcuirtear ar fionraí na dleachtanna Comhtharaife Custaim dá dtagraítear in Airteagal 56(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 maidir le táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013 (IO L 466, 29.12.2021, lch. 1).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2021/2278 a leasú dá réir sin.

(7) Chun nach gcuirfear isteach ar chur i bhfeidhm scéim na bhfionraíochtaí taraife uathrialaitheacha agus chun na treoirlínte a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2011 maidir le fionraíochtaí taraife uathrialaitheacha agus taraif-chuótaí uathrialaitheacha a chomhlíonadh, ba cheart na hathruithe dá bhforáiltear leis an Rialachán seo maidir le fionraíochtaí taraife i leith na dtáirgí lena mbaineann a chur i bhfeidhm ón 1 Iúil 2023. Dá bhrí sin, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2278 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 16 Meitheamh 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
E. SVANTESSON

IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2278 mar a leanas:

(1) scriostar na hiontrálacha a bhfuil na sraithuimhreacha seo a leanas orthu: 0.2425, 0.3140, 0.3966, 0.4030, 0.4140, 0.4305, 0.4609, 0.4733, 0.4893, 0.5018, 0.5187, 0.5788, 0.6629, 0.6654, 0.6689, 0.6781, 0.7489, 0.7972, 0.8111, 0.8112, 0.8140 agus 0.8311;

(2) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad na n-iontrálacha sin a bhfuil na sraithuimhreacha céanna orthu:

Sraithuimhir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Ráta dleachta uathrialaí	Aonad Forlíontach	An dáta a bheartaítear le haghaidh athbhreithniú sainordaitheach
‘0.3227	2846 90 30 2846 90 40 2846 90 50 2846 90 60 2846 90 70 2846 90 90		Comhdhúile, neamhorgánach nó orgánach, de mhiotail tearc-chré, d’itriam nó de scaindiam, nó de mheascáin de na miotail sin, seachas iad siúd atá faoi fho-cheannteideal 2846 10 00	0 %	-	31.12.2023
0.7389	ex 2914 29 00	55	1-(Céadr-8-éin-9-il)eatánón (CAS RN 32388-55-9) ag a bhfuil íonacht níos mó ná 90 % de réir meáchain	0 %	-	31.12.2024
0.7722	ex 2919 90 00	55	Táirgí imoibriúcháin tríchlóiríde fosfairile agus 2-meitiolocsaíoráin (CAS RN 1244733-77-4)	0 %	-	31.12.2024
0.4058	ex 3204 20 00	10	Dathán C.I. Fluorescent Brightener 184 (CAS RN 7128-64-5) agus ullmhóidí atá bunaithe air ina bhfuil dathán C.I. Cion Fluorescent Brightener 184 20 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2026
0.4922	ex 3601 00 00	20	Meascán piriteicniúil i bhfoirm shorcóireach nó i bhfoirm ghráinneach, atá comhdhéanta de níotráit strointiam nó níotráit chopair nó níotráit chopair bhunúsach i maitrís nítreaguainidín nó níotráite guainidín, ina bhfuil ceanglóir agus breiseáin freisin, a úsáidtear mar chomhpháirt de theannairí málaí aeir ([1])	0 %	-	31.12.2026
0.4410	ex 3903 90 90	86	Meascán ina bhfuil, de réir meáchain: — cion 45 % nó níos mó ach nach mó ná 65 % de pholaiméirí stiréine, — cion 30 % nó níos mó ach nach mó ná 45 % de phola(éitear feiniléine), agus — cion nach mó ná 11 % de bhreiseáin	0 %	-	31.12.2023
0.6351	ex 3907 29 20	50	Pola(ocsaíd p-feiniléine) i bhfoirm púdair, ag a bhfuil: — teocht thrasdultach ghloine 210 °C nó níos mó, — meánmheáchan meáchain mhóilínigh (Mw) 35 000 nó níos mó ach nach mó ná 80 000, — ag a bhfuil slaodacht fréimhíochta 0,2 dl/gram nó níos mó, ach nach mó ná 0,865 dl/gram	0 %	-	31.12.2024

Sraithuimhir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Ráta dleachta uathrialaí	Aonad Forlíontach	An dáta a bheartaítear le haghaidh athbhreithniú sainordaitheach
0.5506	ex 3920 51 00	30	Scannán atá treoshuite go dé-aiseach, de phola(meataicrioláit mheitile), atá 50 µm nó níos mó ach nach bhfuil níos mó ná 125 µm, ar tiús	0 %	-	31.12.2023
0.8438	ex 3920 62 19	28	Scannán neamh-thrédhearcach de phola(teireataláit eitiléine) nó pola(défhluairíd vinile): — ar a bhfuil gach sraith sheachtrach 7 µm nó níos mó, ach gan níos mó ná 80 µm, ar tiús, — ag a bhfuil neart teanntachta 300 N/cm2 nó níos mó (ASTM D-882), — atá 200 µm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 350 µm, ar tiús, san iomlán, agus — atá 600 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 1 600 mm, ar leithead, — atá cumhdaithe ar thaobh amháin le sraith fluarapolaiméire, agus ar an taobh eile le greamachán agus sraith de dhéfhluairíd pholaivinilídéine, nó atá brataithe ar an dá thaobh le défhluairíd pholaivinilídéine nó fluairíd pholaivinile bunaithe ar chomhchodaigh polaiméirí fluairínithe	0 %	-	31.12.2027
0.7056	ex 7019 61 00 ex 7019 63 00	70 30	Fabraicí snáithínghloine-E: — ina bhfuil meáchan 20 g/m2 nó níos mó, ach nach mó ná 214 g/m2, — ar a bhfuil dromchla cóireáilte le hoibreán cúplála orgánaisioláin, — iad ina rollaí, — ag a bhfuil cion bogthaise 0,13 % nó níos lú de réir meáchain, agus — nach bhfuil níos mó ná 3 shnáithín tholla as gach 100 000 snáithín iontu, nach n-úsáidtear ach i monarú réamhthuiltí agus lannán atá cumhdaithe le copar ([1])	0 %	m^2	31.12.2026
0.8300	ex 8408 90 65 ex 8408 90 67 ex 8408 90 81	20 20 20	Innill loiní dócháin inmheánaigh adhainte comhbhrú: — de chineál inlíne, — arb é 7 000 cm3 nó níos mó ach nach mó ná 18 100 cm3 an toilleadh innill iontu, — ag a bhfuil cumhacht 205 kW nó níos mó, ach nach mó ná 597 kW, — ina bhfuil modúl iarchóireála sceite, — ag a bhfuil leithead seachtrach/airde sheachtrach/doimhneacht sheachtrach nach mó ná 1 310/1 300/1 040 mm nó 2 005/1 505/1 300 mm nó 2 005/1 505/1 800 mm, a bhfuiltear lena n-úsáid chun innill bhrúite, innill scagtha, innill deighilte nó innill tiontaithe múirín a mhonarú ([1])	0 %	-	31.12.2026
0.6627	ex 8501 10 99	75	Mótar SD atá flosctha go buan — leis a bhfuil tochrán ilphas, — arb é 24 mm nó níos mó, ach nach mó ná 38 mm, a thrastomhas seachtrach, — ag a bhfuil luas rátaithe nach mó ná 12 000 isn,	0 %	-	31.12.2025

Sraithuimhir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Ráta dleachta uathrialaí	Aonad Forlíontach	An dáta a bheartaítear le haghaidh athbhreithniú sainordaitheach
			— ag a bhfuil voltas soláthair cumhachta 8 V nó níos mó, ach nach mó ná 27 V, — bíodh ulóg ann nó ná bíodh, — bíodh roth giair ann nó ná bíodh			
0.2838	ex 8501 10 99	79	Mótar SD ina bhfuil scuaba agus rótar inmheánach ina bhfuil tochrán trí phas, bíodh péist nó pinniún ann nó ná bíodh, ag a bhfuil raon teochta sonraithe ó - 20 °C go + 70 °C ar a laghad	0 %	-	31.12.2023
0.7789	ex 8505 19 10	20	Deighleoga stua de mhaighnéid bhuana d'fheirít cheirtleánaithe: — atá 16,8 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 110,2 mm, ar fad, — atá 14,8 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 75,2 mm, ar leithead, — atá 4,8 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 13,2 mm, ar tiús, a bhfuiltear lena n-úsáid chun rótair leictreamótair a mhonarú ([1])	0 %	-	31.12.2024
0.6703	ex 8507 60 00	33	Taisc-cheallra ian litiam: — atá 150 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 1 310 mm, ar fad, — atá 100 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 1 000 mm, ar leithead, — atá 200 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 1 500 mm, ar airde, — ina bhfuil meáchan 75 kg nó níos mó, ach nach mó ná 200 kg, — ag a bhfuil toilleadh ainmniúil nach lú ná 58 Ah agus nach mó ná 500 Ah, — ag a bhfuil voltas aschur ainmniúil 230V SA (líne go neodrach) nó voltas ainmniúil 50V (± 10 %)	1,3 %	-	31.12.2023
0.7796	ex 8536 49 00	60	Athsheachadán ar a bhfuil cruth ciúib: — ag a bhfuil voltas oibríochta corna 12 VDC (Sruth Díreach Voltais) nó níos mó, ach nach mó ná 24 VDC (Sruth Díreach Voltais), — arb é 5A nó níos mó ach nach mó ná 15A an toilleadh srutha teagmhálaí atá aige, — ag a bhfuil voltas teagmhála 80 VAC (Sruth Ailtéarnach Voltais) nó níos mó, ach nach mó ná 270 VAC (Sruth Ailtéarnach Voltais), — ar a bhfuil na toisí seachtracha 19 mm (± 0.4 mm) x 15.2 mm (± 0.4 mm) x 15.5 mm (± 0.4 mm), a bhfuiltear lena úsáid chun clár rialúcháin le haghaidh fearas tí a tháirgeadh ([1])	0 %	-	31.12.2024
0.4616	ex 8536 69 90	83	Soicéad SA le scagaire torainn, ina bhfuil: — soicéad SA (le haghaidh ceangal corda cumhachta) 230 V, — scagaire torainn comhtháite ina bhfuil toilleoirí agus ionduchtóirí, — nascóir cábla le haghaidh soicéad SA a nascadh le haonad soláthair cumhachta PDP (painéal taispeána plasma), bíodh taca miotail feistithe ann nó ná bíodh, taca miotail lena nasctar an soicéad SA leis an teilifíseán PDP (painéal taispeána plasma)	0 %	p/st	31.12.2024

Sraithuimhir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Ráta dleachta uathrialaí	Aonad Forlíontach	An dáta a bheartaítear le haghaidh athbhreithniú sainordaitheach
0.6507	ex 8537 10 98	50	Aonad rialaithe leictreonach BCM (Modúl Rialúcháin Cabhlach) nó IBM (Modúl Rialúcháin Cabhlach Comhtháite) nó a leithéid: — ina bhfuil ar a laghad bosca plaisteach ina bhfuil clár ciorcad priontáilte, ag a bhfuil voltas díreach oibriúcháin 9 V nó níos mó, ach nach mó ná 16 V, — bíodh coimeádáin mhiotail ann nó ná bíodh, — atá in ann feidhmeanna le haghaidh seirbhísí cúnaimh i ngluaisteán a rialú, a mheasúnú agus a bhainistiú, is é sin, ar a laghad, an t-uainiú cuimilteoirí, an téamh fuinneoige, an soilsiú inmheánach, an meabhrúchán creasa sábhála, de chineál a úsáidtear chun na hearraí atá faoi Chaibidil 87 a mhonarú	0 %	p/st	31.12.2024
0.7409	ex 8540 91 00	20	Foinse leictreon teirmianach (pointe astaíre) de heicseabóiríd lantanaim (CAS RN 12008-21-8) nó de heicseabóiríd cheiriam (CAS RN 12008-02-5), ina bhfuil nascóirí leictreacha — bíodh cásáil mhiotail uirthi nó ná bíodh, — bíodh sciath charbóin graifíte feistithe ar chóras de chineál mini-Vogel uirthi nó ná bíodh, — bíodh bloic ar leithligh de charbón pirealaíoch, a úsáidtear mar eilimintí téimh uirthi nó ná bíodh, agus — ag a bhfuil teocht catóide níos lú ná 1 800 K ag 1,26 A de shruth filiméid	0 %	-	31.12.2027
0.2434	ex 8548 00 90	44	Páirteanna gairis teilifíse, ag a bhfuil feidhmeanna micreaphróiseálaithe agus físphroiseálaithe, ina bhfuil ar a laghad micri-rialtán agus físphróiseálaí, atá feistithe ar fhráma luaidhe agus atá i bhfeireadh plaisteach	0 %	p/st	31.12.2023
0.8279	ex 8708 40 20	80	Giarbhosca tras-seolta gan tiontaire casmhóiminte: — atá dé-chrágach, — ina bhfuil 7 ngiar tiomána nó níos mó, — ina bhfuil giar cúlaithe amháin, — ag a bhfuil casmhóimint uasta 390 Nm, — bíodh mótar leictreach comhtháite ann nó ná bíodh, — atá 400 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 600 mm, ar airde, — atá 350 mm nó níos mó, ach nach mó ná 600 mm ar leithead, agus — ina bhfuil meáchan 70 kg nó níos mó, ach nach mó ná 110 kg, a bhfuiltear lena úsáid chun mótarfheithiclí atá faoi Cheannteideal 8703 a mhonarú ([1])	0 %	p/st	31.12.2026

Sraithuim-hir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Ráta dleachta uathrialaí	Aonad Forlíontach	An dáta a bheartaítear le haghaidh athbhreithniú sainordaitheach
0.7710	ex 8714 99 50 ex 8714 99 50	11 91	Giaranna aistreora slabhra, arb é atá iontu: — aistreoir slabhra cúil agus gabhálais feistiúcháin, — bíodh aistreoir slabhra tosaigh iontu nó ná bíodh, a bhfuiltear lena n-úsáid chun rothair a mhonarú (lena n-áirítear rothair leictreacha) ([1])	0 %	p/st	31.12.2024
0.7708	ex 8714 99 90	40	Muineál le haghaidh hanlaí rothar, a bhfuiltear lena n-úsáid chun rothair a mhonarú (lena n-áirítear rothair leictreacha) ([1])	0 %	p/st	31.12.2024
0.7973	ex 9002 11 00	23	Lionsa: — ina bhfuil fócasú mótaraithe, zúmáil mhótaraithe, cró mótaraithe, — ina bhfuil scagaire gearrtha infridheirg lasctha leictreonach, — ag a bhfuil fad fócasach inchoigeartaithe nach lú ná 2,7 mm agus nach mó ná 55 mm, — ina bhfuil meáchan nach mó ná 120 g, — atá níos lú ná 70 mm ar fad, — nach mó ná 70 mm a thrastomhas	0 %	-	31.12.2025

([1]) Tá fionraí na ndleachtanna faoi réir maoirseacht chustaim úsáide deiridh, i gcomhréir le hAirteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. ';

(3) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas isteach de réir ord uimhriúil na gcód AC agus TARIC sa dara colún agus sa tríú colún:

Sraithuimhir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Ráta dleachta uathrialaí	Aonad Forlíontach	An dáta a bheartaítear le haghaidh athbhreithniú sainordaitheach
‘0.8448	ex 2835 10 00	40	Foisfíonáit chailciam (CAS RN 7789-79-9) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2027
0.8520	ex 2840 20 90	20	Bóráit bhairiam (CAS RN 13701-59-2) ag a bhfuil íonacht 99 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2027
0.8492	ex 2903 99 80	18	1-Fluaranaftailéin (CAS RN 321-38-0) ag a bhfuil íonacht 99 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2027
0.8482	ex 2907 29 00	13	4.4’-Meitiléindé-2,6-xileanól (CAS RN 5384-21-4) ag a bhfuil íonacht 98,5 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2027
0.8495	ex 2915 90 30	20	Dóideacánóáit chlóraimeitile (CAS RN 61413-67-0) ag a bhfuil íonacht 97 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2027
0.8457	ex 2915 90 70	53	Clóiríd 3-clóra-2,2-démheitiolprópanóile (CAS RN 4300-97-4) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2027
0.8489	ex 2916 39 90	40	4-bróma-3-(brómaimeitil)beansóáit eitile (CAS RN 347852-72-6) ag a bhfuil íonacht 97 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2027
0.8509	ex 2918 19 98	25	Aigéad (S)-2-hiodrocsa-2-feiniolaicéiteach (CAS RN 17199-29-0) ag a bhfuil íonacht 99 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2027
0.8511	ex 2920 90 10	85	Carbónáit dé-eitile (CAS RN 105-58-8) ag a bhfuil íonacht 99,9 % nó níos mó de réir meáchain	3,2 %	-	31.12.2023
0.8490	ex 2920 90 70	70	4,4,5,5-Teitrimeitil-1,3,2-dé-ocsabóralán (CAS RN 25015-63-8) ag a bhfuil íonacht 97 % nó níos mó de réir meáchain, ina bhfuil cion nach mó ná 1 % den chobhsaitheoir trí-eitiolaimín (CAS RN 121-44-8)	0 %	-	31.12.2027
0.8477	ex 2921 19 99	35	2-(Défhluaraimeatocsa)aicéatáit *N*-eitil-*N*-iseapróipiolprópán-2-aimín ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2027
0.8473	ex 2922 50 00	45	Hidreaclóiríd (*S*)-2-aimínea-2-(3-fluara-5-meatocsaifeinil)eatánóil (CAS RN 2095692-22-9) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2027
0.8462	ex 2926 90 70	31	Lambda-ciahalaitrin (ISO) (CAS RN 91465-08-6) ag a bhfuil íonacht 97 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2027
0.8474	ex 2928 00 90	53	Clóra[(4-meatocsaifeinil)hiodrasónó]aicéatáit eitile (CAS RN 27143-07-3) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2027

Sraithuim-hir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Ráta dleachta uathrialaí	Aonad Forlíontach	An dáta a bheartaítear le haghaidh athbhreithniú sainordaitheach
0.8451	ex 2929 10 00	65	Isicianáit eitile (CAS RN 109-90-0) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2027
0.8510	ex 2930 90 98	36	O-isipeintil-déthiacarbónáit photaisiam ainhidriúil (CAS RN 928-70-1) ag a bhfuil íonacht 90 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2027
0.8447	ex 2930 90 98	39	Aigéad tiaidhé-aicéiteach (CAS RN 123-93-3) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2027
0.8481	ex 2930 90 98	41	2,2'-Dé-aillil-4,4'-sulfóinildéfheanól (CAS RN 41481-66-7) ag a bhfuil íonacht 96 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2027
0.8478	ex 2932 20 90	28	(*R*)-3-(3,4-défhluara-2-meatocsaifeinil)-4,5-démheitil-5-(trífhluarameitil)fúrán-2 (5*H*)-ón (CAS RN 2875066-35-4) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2027
0.8452	ex 2933 29 90	38	Ciasófaimíd (ISO) (CAS RN 120116-88-3) ag a bhfuil íonacht 94 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2027
0.8485	ex 2933 39 99	08	Fluasanam (ISO) (CAS RN 79622-59-6) ag a bhfuil íonacht 97 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2027
0.8456	ex 2933 59 95	32	5-Clóra-3-nítripiorasólai[1,5-a]pirimidín (CAS RN 1363380-51-1) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2027
0.8484	ex 2933 59 95	44	1,4,5,6-Teitrihidrea-1.2-démheitilpirimidín (CAS RN 4271-96-9) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2027
0.8488	ex 2933 59 95	46	Tríliciclib (CAS RN 1374743--00-6) ag a bhfuil íonacht 99 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2027
0.8455	ex 2933 99 80	43	4-([1,2,4]Trí-asólai[1,5-a]pirid-7-iolocsa)-3-meitiolanailín (CAS RN 937263-71-3) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2027
0.8487	ex 2934 99 90	07	Céadasúiridín (ANI) (CAS RN 1141397-80-9) ag a bhfuil íonacht 99 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2027
0.8472	ex 2934 99 90	08	2-(6-(5-clóra-2-((teitrihidrea-2H-pioran-4-il)aimínea)pirimidín-4-il)-1-ocsa-isiondóilin-2-il)própánóáit (*R*)-*treas*-búitile (CAS RN 2095665-45-3) ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2027
0.8449	ex 2934 99 90	09	3-[2-{(2*R*,3*S*)-3-[(1*R*)-1-{[*treas*-búitil(démheitil)silil]ocsa}eitil]-4-ocsó-asaitidin-2-il} próipánóil]-4,4-démheitil-1,3-ocsasóilidin-2-ón (meascán isiméireach CAS RN 114341-89-8 agus 114418-63-2) ag a bhfuil íonacht 99 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2027

Sraithuimhir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Ráta dleachta uathrialaí	Aonad Forlíontach	An dáta a bheartaítear le haghaidh athbhreithniú sainordaitheach
0.8479	ex 2935 90 90	16	Beinséin-1-sulfónaimíd 2-bróma-*N*-(4,5-démheitil-1,2-ocsasól-3-il)-*N*-(meatocsaimeitil) (CAS RN 415697-57-3) ag a bhfuil íonacht 97 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2027
0.8467	ex 2935 90 90	26	5-(2-Fluaraifeinil)-1-(piridin-3-iolsulfóinil)-1*H*-pióról-3-carbaildéad (CAS RN 881677-11-8) ag a bhfuil íonacht 97 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2027
0.8471	ex 3824 99 92	73	Aimíní *Trí*-C_{8-10}-ailcile (CAS RN 68814-95-9) ag a bhfuil íonacht 95 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2027
0.8463	ex 3824 99 92	74	Mais imoibriúcháin ina bhfuil, de réir meáchain: — cion 22,4 % nó níos mó, ach nach mó ná 26,4 % d'fhosfáit défheinile 3-meitilfeinile (CAS RN 69500-28-3); — cion 17,3 % nó níos mó, ach nach mó ná 21,3 % d'fhosfáit défheinile 4-meitilfeinile (CAS RN 78-31-9); — cion 5 % nó níos mó, ach nach mó ná 9 % d'fhosfáit feinile bis(3-meitilfeinil) (CAS RN 34909-68-7); — cion 8.9 % nó níos mó, ach nach mó ná 12.9 % d'fhosfáit feinile 4-meitilfeinile 3-meitilfeinile (CAS RN 222165-66-4); — cion 26.9 % nó níos mó, ach nach mó ná 30.9 % d'fhosfáit trífheinile (CAS RN 115-86-6)	0 %	-	31.12.2027
0.8486	ex 3824 99 92	75	Meascán ina bhfuil, de réir meáchain: — cion nach mó ná 75 % de theitreabúitiltin (CAS RN 1461-25-2), — cion nach mó ná 20 % de chlóiríd tríbhúitiltine (CAS RN 1461-22-9), — cion nach mó ná 4 % de dhéchlóiríd débhúitiltine (CAS RN 683-18-1), a bhfuiltear lena úsáid chun comhdhúile búitiltine a úsáidtear i monarú gloine agus clóiríd tríbhúitiltine a úsáidtear mar chatalaíoch sa tionscal cógaisíochta a tháirgeadh ([1])	3,2 %	-	31.12.2027
0.8506	ex 3824 99 92	79	Meascán ina bhfuil, de réir meáchain: — clóiríd tríbhúitiltine (CAS RN 1461-22-9) ag a bhfuil íonacht 80 % nó níos mó de réir meáchain, — cion nach mó ná 5 % de theitreabúitiltin (CAS RN 1461-25-2), — cion nach mó ná 6 % de dhéchlóiríd débhúitiltine (CAS RN 683-18-1), — cion nach mó ná 11 % de o-xiléin (CAS RN 95-47-6), a bhfuiltear lena úsáid chun clóiríd tríbhúitiltine a úsáidtear mar chatalaíoch sa tionscal cógaisíochta a tháirgeadh ([1])	3,2 %	-	31.12.2027
0.8517	ex 3824 99 92	83	1-(Céadr-8-ein-9-il)eatánón (CAS RN 32388-55-9) ag a bhfuil íonacht 70 % nó níos mó, ach nach mó ná 90 %, de réir meáchain	0 %	-	31.12.2024

Sraithuimhir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Ráta dleachta uathrialaí	Aonad Forlíontach	An dáta a bheartaítear le haghaidh athbhreithniú sainordaitheach
0.8499	ex 3824 99 92	86	Aimídí sailleacha *N*,*N*-démheitile tallola (CAS RN 68308-74-7) ag a bhfuil íonacht 99 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2027
0.8498	ex 3824 99 93	33	Ullmhóid ina bhfuil, de réir meáchain: — cion 60 % nó níos mó ach nach mó ná 70 % de rel-(1R,2S)-cigliheacsán-1,2-déch-arbocsaláit chailciam (CAS RN 491589-22-1), — cion 30 % nó níos mó ach nach mó ná 40 % de stéaráit since (CAS RN 557-05-1), — cion 1 % nó níos mó ach nach mó ná 5 % den dathán CI Pigment Blue 29 (CAS RN 57455-37-5) agus — cion 1 % nó níos mó ach nach mó ná 5 % den dathán C.I. Pigment Violet 15 (CAS RN 12769-96-9)	0 %	-	31.12.2027
0.8497	ex 3824 99 93	36	Ullmhóid ina bhfuil cion 60 % nó níos mó ach nach mó ná 70 % de *rel*-(1*R*,2*S*)-cigliheacsán-1,2-décharbocsaláit chailciam (CAS RN 491589-22-1) agus cion 30 % nó níos mó ach nach mó ná 40 % de stéaráite since (CAS RN 557-05-1)	0 %	-	31.12.2027
0.8514	ex 3824 99 96	43	Glóthach shilice fheidhmiúil 2-(eitiltia)eatáintiól ag a bhfuil íonacht 98 % nó níos mó de réir meáchain	0 %	-	31.12.2027
0.8491	ex 3907 29 99	70	Pola(ocsa-1,4-feiniléanocsa-1,4-feiniléancarbóinil-1,4-feiniléin) (CAS RN 29658-26-2) nach bhfuil níos mó ná cion 35 % de bhreiseáin ann de réir meáchain	0 %	-	31.12.2027
0.8504	ex 4009 31 00 ex 4009 32 00	10 20	Píopa rubair ilsrathach, atá treisithe le fabraic araimíde, bíodh eilimintí nasctha polaimíde agus teanntáin chruach ann nó ná bíodh, a bhfuiltear lena úsáid chun teasmhalartóirí mótarfheithicle agus/nó comhdhlúthadán i gcórais aerchóiriúcháin mótarfheithicle a mhonarú ([1])	0 %	-	31.12.2027
0.8480	ex 7326 90 98	60	Fáinne eití de chineál chun lanna rialaithe sreafa gáis a cheangal: — as iarann nó as cóimhiotal cruach, — ag a bhfuil teasfhriotaíocht 830 °C nó níos mó ach nach mó ná 1 050 °C, — nach mó ná 92 mm a thrastomhas seachtrach, — ina bhfuil poill chun na lanna rialaithe sreafa gáis a choinneáil, a bhfuiltear lena úsáid chun turbaluchtairí a mhonarú ([1])	0 %	-	31.12.2027
0.8512	ex 7326 90 98	70	Diosca de chineál lena n-áirithítear leithead an chainéil sreafa gáis: — as iarann nó as cóimhiotal cruach, — ag a bhfuil teasfhriotaíocht 830 °C nó níos mó ach nach mó ná 1 050 °C, — nach mó ná 92.5 mm a thrastomhas seachtrach, — nach mó ná 62 mm a thrastomhas inmheánach, a bhfuiltear lena úsáid chun turbaluchtairí a mhonarú ([1])	0 %	-	31.12.2027

Sraithuimhir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Ráta dleachta uathrialaí	Aonad Forlíontach	An dáta a bheartaítear le haghaidh athbhreithniú sainordaitheach
0.8464	ex 7609 00 00	40	Bloc alúmanaim lasairphrásáilte chun feadáin i dteasmhalartóirí mótarfheithicle agus/nó fuaraitheoirí aeir turbaluchtaithe agus/nó fuaraitheoirí tarchurtha uathoibríocha a nascadh: — arb é 5 mm nó níos mó, ach nach mó ná 25 mm, trastomhas seachtrach a fheadán nasctha camtha easbhrúite, — ina bhfuil meáchan 0,02 kg nó níos mó, ach nach mó ná 0,25 kg, a bhfuiltear lena úsáid chun na córais fuaraithe i bhfeithiclí atá faoi Chaibidil 87 a mhonarú ([1])	0 %	p/st	31.12.2027
0.8503	ex 7609 00 00	50	Comhpháirteanna alúmanaim meaisínithe: — ina bhfuil cion 0,55 % nó níos mó, ach nach mó ná 0,61 % de mhaignéisiam, de réir meáchain, — ina bhfuil cion 0,55 % nó níos mó, ach nach mó ná 0,61 % de shileacan, — ag a bhfuil staid chruaite T5 nó T6, — ina bhfuil mais 0,05 kg nó níos mó, ach nach mó ná 0,2 kg, a bhfuiltear lena n-úsáid chun córais fuaraithe CO_2 i mótarfheithiclí a mhonarú ([1])	0 %	p/st	31.12.2027
0.8493	ex 7609 00 00	60	Bloc nasctha alúmanaim: — ina bhfuil meáchan 3 g nó níos mó, ach nach mó ná 400 g, — a monaraíodh as grád alúmanaim 6061-T6 nó 6060-T6 nó 6082-T6, — ar cuid dhílis é de chóimeáil píobáin aerchóiriúcháin nó de chóimeáil píobáin fuaraithe ola nó de chóimeáil píobáin aerchoscáin nó de chóimeáil píobáin fuaraithe uisce, — ina bhfuil poill (soicéid) nó splíonaí (treoirbhealaí) nó snáitheanna lenar féidir iad a shuiteáil i gcóras aerchóirithe mótarfheithicle nó i gcóras aerchóirithe eile (a thuigtear freisin mar shuiteáil sa líne), — ar a bhfuil soicéid atá deartha le haghaidh prásála nó ceangail, — ina bhfuil trépholl amháin ar a laghad arb é 3 mm nó níos mó ach nach mó ná 25 mm a thrastomhas, a bhfuiltear lena úsáid chun córais fuaraithe agus aerchóirithe mótarfheithicle a mhonarú ([1])	0 %	p/st	31.12.2027
0.8466	ex 8409 91 00	33	Iompróir ceamfhearsaide le haghaidh inneall loiní dócháin inmheánaigh spréachadhainte, atá déanta as cóimhiotal alúmanaim ADC12: — ina bhfuil meáchan 4,0 kg nó níos mó ach nach mó ná 5,5 kg, — arb é 2.0 mm nó níos mó, ach nach mó ná 6.0 mm, tiús an bhalla ann, a bhfuiltear lena úsáid chun innill mótarfheithiclí a mhonarú ([1])	0 %	p/st	31.12.2027

Sraithuimhir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Ráta dleachta uathrialaí	Aonad Forlíontach	An dáta a bheartaítear le haghaidh athbhreithniú sainordaitheach
0.8469	ex 8409 91 00	38	Cás cromáin le haghaidh inneall loiní dócháin inmheánaigh spréachadhainte 4-shorcóir, déanta as cóimhiotal alúmanaim ADC12, a bhfuiltear lena úsáid chun innill mótarfheithiclí a mhonarú (1)	0 %	-	31.12.2027
0.8483	ex 8414 90 00	15	Cóimeáil gaothrán atá déanta as cóimhiotal alúmanaim agus maignéisiam: — arb é 54 mm nó níos mó, ach nach mó ná 130 mm a trastomhas seachtrach, — atá 8 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 30 mm, ar airde, — ar a bhfuil dhá dhiosca atá nasctha le lanna de chruth ionbhlóideach, — bíodh dual inti nó ná bíodh, agus bíodh leicneán inti nó ná bíodh, a bhfuiltear lena húsáid chun leictreamótair a mhonarú (1)	0 %	-	31.12.2027
0.8494	ex 8414 90 00	25	Cásáil comhbhrúiteora de chineál corna de chóimhiotal alúmanaim de chineál: — ag a bhfuil teasfhriotaíocht 200 °C nó níos mó ach nach mó ná 250 °C, — ar a bhfuil pointe fosúcháin amháin nó níos mó atá oiriúnach chun gníomhróir a ghléasadh, a bhfuiltear lena húsáid chun turbaluchtairí a mhonarú (1)	0 %	-	31.12.2027
0.8465	ex 8415 90 00	15	Ilphíobáin atá táite go leictreach, le haghaidh an chomhdhlúthadáin i gcórais aerchóiriúcháin mótarfheithicle: — arb é atá iontu feadán a tháirgtear trí stiall alúmanaim a stampáil agus na himill a cheangal le stuatháthú leictreach, — ina bhfuil sciatha inmheánacha lena n-áirithítear sreabhadh ceart an fhuartháin, — atá 190 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 460 mm, ar fad, — atá 9 mm nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 42 mm, ar trastomhas, — ina bhfuil meáchan 0,01 kg nó níos mó, ach nach mó ná 0,45 kg, — bíodh bloic nasctha alúmanaim iontu nó ná bíodh, a úsáidtear chun na córais aerchóiriúcháin i bhfeithiclí atá faoi Chaibidil 87 a tháirgeadh (1)	0 %	p/st	31.12.2027
0.8458	ex 8501 53 50	50	Mótar tarraingthe aisioncronach: — ag a bhfuil cumhacht leanúnach 140 kW nó níos mó ach nach mó ná 180 kW, — ina bhfuil córas leachtfhuaraithe, — arb é 580 mm nó níos mó, ach nach mó ná 730 mm, a fhad iomlán, — arb é 550 mm nó níos mó, ach nach mó ná 670 mm, a leithead iomlán, — arb é 510 mm nó níos mó, ach nach mó ná 630 mm, a airde iomlán, — nach mó ná 390 kg an meáchan atá ann, — bíodh giar laghdaithe ann nó ná bíodh, — bíodh gineadóir dúisire ann nó ná bíodh, — ar a bhfuil 2 phointe gléasta, a bhfuiltear lena úsáid chun tiomáint leictreach busanna hibrideacha a mhonarú (1)	0 %	-	31.12.2027

Sraithuimhir	Cód AC	TARIC	Tuairisc	Ráta dleachta uathrialaí	Aonad Forlíontach	An dáta a bheartaítear le haghaidh athbhreithniú sainordaitheach
0.8508	ex 8505 11 10	78	Dhá mhaighnéad bhuana atá déanta as cóimhiotal praiséidimiam-neoidimiam, i gcoimeádán cruach dronuilleogach ar a bhfuil cásáil sheachtrach rubair agus a bhfuil na toisí seachtracha seo a leanas aige: — fad 200 mm nó níos mó, ach nach mó ná 205 mm, — leithead 58 mm nó níos mó, ach nach mó ná 62 mm, — airde 25 mm nó níos mó, ach nach mó ná 30 mm, agus stoda suite sa lár	0 %	-	31.12.2027
0.8453	ex 8512 30 90	40	Gaireas chun fuaim innill a ionsamhlú ar luas laghdaithe le haghaidh feithicil hibrideach nó feithicil leictreach: — ina bhfuil ar a laghad clár ciorcad priontáilte agus callaire, — i gcásáil phlaisteach lena ngabhann coimeádán, a bhfuiltear lena úsáid i monarú earraí atá faoi Chaibidil 87 ([1])	0 %	-	31.12.2027
0.8460	ex 8537 10 91	43	Aonad rialaithe crochta leictreonach: — ina bhfuil clár ciorcad priontáilte ar a bhfuil cásáil phlaisteach, — ina bhfuil busanna LIN agus CAN, — ina bhfuil cuimhne in-ríomhchláraithe, — ina bhfuil próiseálaí comharthaí, — ag a bhfuil voltas srutha dhírigh oibríochtúil 9 V nó níos mó, ach nach mó ná 16 V, — ina bhfuil nascóir amháin, ar a laghad, — bíodh brac feistiúcháin miotail ann nó ná bíodh, a bhfuiltear lena úsáid chun na hearraí atá faoi Chaibidil 87 a mhonarú ([1])	0 %	-	31.12.2027
0.8461	ex 8708 50 20	18	Seafta liáin le haghaidh tras-seoladh casmhóiminte ón ngiarbhosca go dtí an t-acastóir cúil, arb é atá ann: — dhá shlat chardánó, — alt uilíoch lárnach, — imthaca láir ar a bhfuil crochadh i gclúdach plaisteach, — ailt uilíocha ar dhá cheann na seafta, — cuingeacha sliosráille, feadáin agus cinn, — atá 1.4 m nó níos mó, ach nach bhfuil níos mó ná 2.4 m ar fad, a bhfuiltear lena úsáid chun na hearraí atá faoi Chaibidil 87 a tháirgeadh ([1])	0 %	-	31.12.2027
0.8507	ex 8714 99 90	50	Maolaire turrainge aeir cúil i bhfoirm eilimint sprionga neomataigh a bhfuil maolaire ola air a bhfuiltear lena úsáid chun rothair a mhonarú, lena n-áirítear rothair leictreacha ([1])	0 %	-	31.12.2027

([1]) Tá fionraí na ndleachtanna faoi réir maoirseacht chustaim úsáide deiridh, i gcomhréir le hAirteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.'.